M39T

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉARACHTA, 2000

EOLAÍOCHT TALMHAÍOCHTA - GNÁTHLEIBHÉAL

DÉ CÉADAOIN, 14 MEITHEAMH - IARNÓIN 2.00 – 4.00

SÉ CHEIST LE FREAGAIRT

SÉ CHEIST LE FREAGAIRT

1. Freagair **sé cinn** díobh seo leanas:

(a) Ainmnigh dhá charraig dhríodair.

(b) Luaigh trí chomhábhar fola.

(c) Mínigh cén fáth gur cothaitheach tábhachtach do phlanda é nítrigin.

(d) Mínigh gach aon cheann díobh seo leanas: pailniú, idirleathadh.

(e) Luaigh dhá chúis le go bhfuil cuid chothaithe chothrom fíor-thábhachtach d’ainmhithe óga feirme.

(f) Luaigh dhá chúis atá le truailliú feirme.

(g) Ainmnigh trí thoisc a théann i gcionn ar phéacadh síolta.

(h) Tarraing léaráid le lipéid ag taispeáint cá bhfuil gach aon cheann díóbh seo leanas i bplanda féir: teangóg, truaill, nód.

(i) Mínigh cén fáth go gcoinnítear smacht ar aifidí i dtáirgeadh prátaí síl.

(j) Tabhair dhá chúis go mba chóir seamair a bheith ar bháinseach féir.

(60 marc)

2. (a) Léirigh dhá chleachtas atá in úsáid ar fheirm chun feabhas a chur ar dhraenáil na hithreach.

(b) Déan cur síos ar thriail saotharlainne a úsáidtear chun gruthú in ithir a thaispeáint.

(c) Mínigh, ag úsáid samplaí, an difríocht atá idir síonchaitheamh fisiceach agus síonchaitheamh ceimiceach ar charraigreacha.

(48 marc)

3. (a) Mínigh cén fáth go bhfuil seantalamh féarach, gur dearnadh drochbhainistíocht air, mí-oiriúnach le haghaidh táirgeadh sadhlais mhaith.

(b) Ainmnigh na príomhchineálacha féir atá inmhianaithe i mbáinseach féir bhuan.

(c) Déan cur síos ar scrúdú saotharlainne a rinne tú chun clóraifil a bhaint as duille **nó** chun láithreacht stáirse i nduille a thaispeáint.

(48 marc)

NÓ

3. (a) Mínigh cén fáth gur féar is mó atá i mbia-aiste ainmhithe athchogantacha.

(b) Tarraing léaráid le lipéid chun cur síos a dhéanamh ar scamhóg ainmhí feirme.

(c) Mínigh, agus samplaí á n-úsáid agat, cén fáth a bhfuil einsímí ar fáil i súlaigh dhíleáite.

(48 marc)

4. (a) Luaigh na príomh-mhodhanna a úsáidtear chun feabhas a chur ar bheostoc i bhfiontar feirme ainmnithe.

(b) Léirigh trí thoisc a théann i gcionn ar ráta fáis agus sláinte ainmhí feirme ainmnithe atá aon bhliain d'aois.

(c) Ainmnigh na príomh-chomhpháirteanna i mbainne úr. Déan cur síos ar thriail saotharlainne chun a thaispeáint go bhfuil ceann de na comhpháirteanna a luaigh tú i láthair ann.

(48 marc)

5. (a) Mínigh cén fáth go bhfuil barra gráin oiriúnach mar bhia d'ainmhithe feirme.

(b) Mínigh cén fáth go gcleachtaítear uainíocht na mbarr i bhfeirm churaíochta.

(c) Léirigh triail a rinne tú chun (i) glaine, agus (ii) céatadán péactha, i sampla de shíolta gráin a léiriú.

(48 marc)

6. (a) Déan cur síos ar na príomhthosca i roghnú stoic athsholáthair le haghaidh póraithe.

(b) Léirigh trí leagan amach ar thithíocht atá riachtanach in aonad táirgeadh muc ar fheirm.

(c) Léirigh trí thoisc thimpeallachta ar féidir leo dul i gcionn ar ainmhithe feirme atá faoi dhíon i rith míonna an gheimhridh.

(48 marc)

7. (a) Mínigh an tábhacht atá le cromasóim i gcealla planda agus ainmhí.

(b) I bpiseanna, tá síolta buí (YY) ceannasach ar shíolta glasa (yy).
Luaigh feinitíopa agus géinitíópa na síolta ar phlanda pise ag éirí as gach aon cheann díobh seo leanas:
(i) planda heitrisigeach (Yy) crosáilte le planda heitrisigeach (Yy) eile.
(ii) planda heitrisigeach (Yy) crosáilte le planda homaisigeach cúlaitheach (yy).

(c) Mínigh an buntáiste i gcrosphórú plandaí agus ainmhithe.

(48 marc)

8. Freagair **dhá cheann** díobh seo leanas:

(a) Déan cur síos ar thógáil bhodóige óige suas go dtí an tréimhse cúplála faoi na ceannteidil seo leanas:
(i) cothú (ii) galair a sheachaint agus a smachtú.

(b) Déan cur síos ar fhiontar caorach, a bhfuil taithí agat air, faoi na ceannteidil seo leanas:
(i) cothú (ii) roghnú stoc síolraithe.

(c) Déan cur síos ar shaolré an phucháin ae. Mínigh mar a chabhraíonn eolas ar an saolré sin leis an bhfeirmeoir agus é ag smachtú na lotnaide seo ar ainmhí.

(48 marc)

9. Tabhair míniú eolaíoch ar **ceithre cinn** díobh seo leanas:

(a) Bunú lag i bpáirc cruithneachta nuachurtha.

(b) Táirgeadh dé-ocsaíd charbóin i gcorp ainmhí.

(c) Easpa dath glas ar phlandaí atá ag fás sa dorchadas.

(d) Stáirse a bheith i láthair i dtiúbair na bprátaí.

(e) Barr-bhearradh bháinseach fhéir.

(48 marc)